Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14746/21**

**IXIM 276**
**CRIMORG 153**
**ENFOPOL 489**
**ENFOCUSTOM 181**
**JAI 1362**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Nollaig 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13771/21 |
| Ábhar: | ‘Cinntí Prüm’ - Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí, atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle<br>- Meastóireacht ar an Iodáil maidir le sonraí dachtalascópacha a mhalartú go huathoibríoch |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle - Meastóireacht ar an Iodáil maidir le malartú uathoibríoch sonraí dachtalascópacha, a d’fhormheas an Chomhairle ag an 3837ú cruinniú a bhí aici an 9 Nollaig 2021.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ginearálta i ndáil le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle

### Meastóireacht ar an Iodáil maidir le sonraí dachtalascópacha a mhalartú go huathoibríoch

1. De réir Airteagal 25(2) de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle, ní sholáthrófar na sonraí pearsanta dá bhforáiltear faoin gCinneadh go dtí go mbeidh na forálacha maidir le cosaint sonraí a leagtar amach i gCaibidil 6 den Chinneadh curtha chun feidhme i ndlí náisiúnta chríocha na mBallstát a bhfuil baint acu leis an soláthar sin. Ní mór don Chomhairle cinneadh d'aon toil a dhéanamh ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh an coinníoll sin. Níl feidhm ag an bhforáil sin maidir leis na Ballstáit sin ina bhfuil tús curtha cheana le soláthar sonraí pearsanta dá bhforáiltear sa Chinneadh de bhun 'Conradh Prüm' (2005).

2. De réir Airteagal 20 de Chinneadh 2008/616/CGB, ní mór an fíorú go bhfuil an coinníoll thuasluaite comhlíonta a dhéanamh ar bhonn tuarascáil mheastóireachta bunaithe ar cheistneoir. Maidir le sonraí a mhalartú go huathoibríoch i gcomhréir le Caibidil 2 de Chinneadh 2008/615/CGB, ní mór an tuarascáil mheastóireachta a bhunú freisin ar chuairt mheastóireachta agus ar thriail phíolótach.

3. De réir phointe 1.1 de Chaibidil 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/616/CGB, baineann an ceistneoir a dhréachtaigh meitheal ábhartha na Comhairle le gach ceann de na malartuithe uathoibríocha sonraí agus ní mór don Bhallstát é a fhreagairt a luaithe agus a mheasann sé go gcomhlíonann sé na réamhriachtanais le haghaidh sonraí a chomhroinnt sa chatagóir sonraí ábhartha.

4. Tá an ceistneoir maidir le cosaint sonraí agus an ceistneoir maidir le malartú sonraí dachtalascópacha comhlánaithe ag an Iodáil. Chuir an Iodáil treoirthionscadal rathúil i gcrích in éineacht leis an nGearmáin agus leis an Ostair. Tugadh cuairt mheastóireachta ar an Iodáil agus rinne foireann meastóireachta na Gearmáine / na hOstaire tuarascáil ar an gcuairt mheastóireachta, tuarascáil a cuireadh ar aghaidh chuig an meitheal ábhartha de chuid na Comhairle (13922/21 IXIM 235 CRIMORG 130 ENFOPOL 434 ENFOCUSTOM 160 JAI 1232).

5. Tíolacadh tuarascáil fhoriomlán mheastóireachta don Chomhairle ina ndéantar achoimre ar thorthaí an cheistneora, na cuairte meastóireachta agus na trialach píolótaí maidir le malartú sonraí dachtalascópacha (13923/21 IXIM 236 CRIMORG 131 ENFOPOL 435 ENFOCUSTOM 161 JAI 1233).

6. Ag an físchomhdháil neamhfhoirmiúil a bhí ag comhaltaí na Meithle um Malartú Faisnéise CGB (IXIM) an 2 Nollaig 2021, aithníodh go bhfuil gach Ballstát atá faoi cheangal ag Cinneadh 2008/615/CGB den bharúil go bhfuil na coinníollacha comhlíonta chun go measfaidh an Chomhairle, chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí dachtalascópacha, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6  e Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an Iodáil.

7. Ar an mbonn sin, measann an Chomhairle, chun críocha malartú uathoibríoch sonraí i ndáil le sonraí dachtalascópacha, go bhfuil na forálacha ginearálta maidir le cosaint sonraí atá i gCaibidil 6 de Chinneadh 2008/615/CGB curtha chun feidhme ina n-iomláine ag an Iodáil.